

# ‘Mairg a Dhéanfadh Deimhin dá Dhúchas’: Ceird na Beathaisnéise\*

*Tadhg Ó Dúshláine*

IN AINNEOIN AN IOMAD den cheardaíocht agus den tcheardlannaíocht, b’fhéidir, a bheith ag baint le gnéithe de litríocht na linne, aithnítear coitianta gur ceird faoi leith ceird na beathaisnéise, seánra ina ríomhtar beathaí iarbhrí. Más fíor go mbíonn an toradh liteartha faoi réir agus faoi bhac ag an láimhseáil agus ag mianach an amhábhair sa litríocht i gcoitinne, is fíor *a fortiori* in earnáil na dírbheathaisnéise é, mar a maítear gurb ionann an t-ábhar agus an t-údar. Ba mhaith liom díriú ar na constaicí insinte a leanann den choibhneas seo idir údar agus ábhar agus ar chuid de na slite agus na teicnící a aimsíodh le teacht timpeall orthu.

In dhá úrscéal Béarla a foilsíodh sa bhliain 2001, díritear ar fhadhb seo na hinsinte. Sa *champus novel* is déanaí de chuid David Lodge, *Thinks*, tugann an tOllamh Robyn Penrose, an léacht chuimhneacháin bhliantúil dár teideal ‘Interrogating the subject’. Imcartas focal atá sa teideal idir an tsuibíocht mar

\* Leagan den chaint a tugadh ag Comhdháil Teanga agus Litríocht na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Deireadh Fómhair 2002.

dhuine, mar aonad gramadaí, mar shaoránach stáit agus mar chuid de churaclam scoile. Is í suim a bhfuil le rá ag an ollamh Penrose ná gur drochrud ar an iomlán suibíocht na litríochta; idir údar agus ábhar agus scéal mar (agus tá idir shúgradh agus dáiríre aici ina conclúid):

The individual is constructed, deconstructed, and reconstructed continuously by the stream of semiosis into which she is thrown by the acquisition of language.<sup>1</sup> (225)

Sa dara leabhar acu sin, duaisiarracht John Carey, *The True history of the Kelly gang*, maíonn an teideal nach bhfuil ann ach an fhírinne, nár ghá aon cheapadóireacht, díreach faoi mar a mhaítear sa 'true history of the Kerry gang', *An tOileánach*, le Tomás Ó Criomhthain: 'Níl ann ach an fhírinne; níor ghá dhom aon cheapadóireacht'.<sup>2</sup> Le cumadóireacht staire a théann John Carey lena dhearbhu go bhfuil fírinne san fhicsean nach bhfuil sa saol stairiúil agus b'fhéidir a áiteamh gur mar sin atá ag an gCrimhthaineach chomh maith. Cé eile ach scríbhneoir comhfhiosach a mbeadh peann agus pár ina phóca aige agus é ag dul ag baint mhóna; nó a dhéanfadh comhionannú idir an píce lena mharáonn sé an rón agus an peann ina ghlaic, mórán mar a dhéanann Seamus Heaney i gcuimhne ar a mhuintir:

'Between my finger and my thumb  
the squat pen rests... I'll dig with it'<sup>3</sup>

Le linne casadh síos di chun na farraige do thugas stráiméad di, agus sé cinn i ndiaidh a chéile, agus ba mhar a chéile léi gach buille don tsáfaigh a bheith á bhualadh uirthi nó an peann so im dhorn...<sup>4</sup>

Díríonn scríbhneoirí na Gaeilge féin ár n-aird ar cheisteanna níos doimhne fós ná cúrsaí friotail nó teilgean na hinsinte. Fad a bhí an Cadhnach ag moladh díriú ar an aigne, an chuid sin den duine nach féidir an ceamara a díriú uirthi, bhí an Ríordánach ag fiafraí:

Conas?

Conas go ndeirimid an rud ná rabhamar chun a rá?

Conas go leanaimid an múnla ceannann céanna cnámh?

Conas nach féidir linn a mhalairt d'abairt riamh a rá?

Fé mar ba chreatlach an teanga agus sinne smior na gcnamh?<sup>5</sup>

Dul laistíos den struchtúr dromchla agus sroichint go struchtúr doimhin, más linn téarmaíocht Chomsky a úsáid, gairm an scríbhneora, dar leis an Ríordánach sa réamhrá le *Eireaball spideoige*.<sup>6</sup>:

Is minic a bhraitheas gnó neamhchoitianta a bheith idir lámha agam agus mé á gcumadh; gnó seachas scríbhneoireacht nó ceapadóireacht, gnó a bhí níos cóngaraí do ghlanadh...ag lorg grinneall dromchla. (12).

'A secret, at least tacit life, underlies the one we are thought to live,' a deir Richard Ellman agus is é is déanta don bheathaisnéis agus don dírbheathaisnéis ná, tochailt faoi mar a dhéanfadh seandálaí chun an bheatha fholaithe sin a thabhairt chun solais.<sup>8</sup> Déanann seo athchonstráil ar an scéal agus ar an saol faoi mar atá, ag gníomhú de réir an 'Theory of reconstruction', dá dtagraíonn Michael Holroyd:

By recreating the past we are calling on the same magic as our forebears did with stories of their ancestors round the fire, under the night skies. The need to do this, to keep death in its place, lies deep in human nature, and the art of biography arises from that need. This is its justification.<sup>8</sup>

A bheith ar an ndé deiridh chomh minic sin, b'fhéidir, agus an eagla ná beadh a leithéidí arís ann a chuir fuadar faoin mbeathaisnéis Ghaeilge go minic agus chun go mb'fhusa ionramháil a dhéanamh ar an gcorpas trí chéile ba mhaith liom saghasanna difriúla beathaisnéise a rangú mar leanas: i. beathaisnéisí oibiachtúla, mar atá a) an bheathaisnéis liteartha agus b) an t-úrscéal eiseamláireach agus ii. beathaisnéisí suibiachtúla, mar atá a) dírbheathaisnéis b) úrscéal na hóige agus c) an chín lae nó an dialann. Níor mhiste a aithint, dar ndóigh, go bhfuil rangú dá leithéid róchliniciúil agus go mbíonn cros-shólrú siar is aniar idir na seánraí. Bíodh a fhianaise sin ar a ndeir Máire Mhac an tSaoi faoi fhilíocht Liam Uí Mhuirthile: 'ní haon phearsa thacair atá ag labhairt anseo, ach Liam Ó Muirthile...gurb é sloinne agus teideal a mhuintire "Ó Muirthile Carraige"'. Agus ba dheacair aon bhlúire próis nó filíochta níos beathaisnéisiúla a fháil ná dán teidil an chnuasaigh is déanaí aige *Walking time*, luchtaithe agus mar tá leis na 'seven types of ambiguity' sin dá dtagraíonn William Empson, agus nach bhfaightear ach go hannamh agus í sin i scoth na filíochta amháin.<sup>10</sup>

É sin ráite, dírfmis ar na fo-ranna.

### **i. Na beathaisnéisí oibiachtúla.**

#### *a) An bheathaisnéis liteartha.*

Samplaí breátha den chineál seo is ea *An Duinníneach*, le Ó

Conluain agus Ó Céileachair,<sup>11</sup>; *Seán Ó Ríordáin: beatha agus saothar* le Seán Ó Coileáin,<sup>12</sup> *Eoghan Ó Tuairisc: beatha agus saothar* le Máirín Nic Eoin<sup>13</sup>; agus *Breandán Ó hEithir: iomramh aonair*, le Liam Mac Con Iomaire.<sup>14</sup> Is suimiúil faoi mar atá tuiscint Holroyd agus tuiscint an Choileánaigh ar chúram an bheathaisnéisí liteartha at teacht le chéile:

Beathaisnéis liteartha í seo ina ndéantar iarracht ar shaothar duine a fheiceáil i gcomhthéacs a shaoil, agus an saol a fheiceáil i gcomhthéacs an tsaothair. B'fhusaide an cuspóir sin a chur i gcrích an saol agus an saothar a bheith ag freagairt chomh cruinn d'fílis dá chéile: iad fillte ar a chéile, iad casta istigh ina chéile.<sup>15</sup>

I believe that the literary biographer can stretch out a hand to his subject and invite him, invite her, to write one more work, posthumously and in collaboration. Their chief business does not really lie in sensationalism but in attempting to chart illuminating connections between past and present, life and work – that it is the biographer's aesthetic that is his or her recreative process.<sup>16</sup>

Áitíonn na scoláirí gur tháinig casadh nua i bhfilíocht na Gaeilge le foilsíú céad mhóiriarracht an Ríordánaigh, 'Adhlacadh mo mháthar', sa bhliain 1947. Ach ina chín lae don dara lá d'Fheabhra 1940, faighimid préamhacha an dáin 'Saoirse', rud a aithníonn an fear eagair go maith nuair a deir sé: 'Ní féidir gan cuimhneamh ar an dán 'Saoirse' i gcomhthéacs na hiontrála seo'.<sup>17</sup>

#### *b) An t-úrscéal eiseamláireach*

Maidir leis an dara saghas beathaisnéise a luamar thuas, an

t-úrscéal eiseamláireach, téann a phréamhacha siar go dtí an laochfhaisnéis agus an naomhaisnéis. Den chineál seo ficsein *Cormac Ó Conaill* (1901),<sup>18</sup> leis an Duinníneach agus *Pádhraic Mháire Bhán* (1939),<sup>19</sup> Seán Ó Ruadháin, agus é d'aidhm ag na húdair laochra eiseamláireacha a chruthú a bheadh ina gcuspaí aithrise d'Éireannaigh na hAthbheochana. Chomhlíon *Cormac Ó Conaill* an aidhm sin go cruthanta agus moladh go spéir é:

Moladh an stair a bhí ann. Moladh an eachtraíocht. Moladh uaisleacht na bpearsan. Moladh é de bharr fathach a bheith ann, de bharr gníomhaíocht a bheith ann, de bharr múineadh morálta a bheith ann. Moladh as Béarla agus as Gaeilge é.<sup>20</sup>

Ach le ffrinne tá simplíocht dhubh agus bhán na Fiannaíochta ag baint le tuiscint an Duinnínigh ar chúrsaí staire agus litríochta. Tá an scéal breac le ranna filíochta agus ar leathanach a dó, mar shampla, déantar suimiú ar an eachtra in aon cheathrú amháin:

Gaisgidheach oirdhearc leagtha le feall,  
Oighreadh aithiseach taca na nGall,  
Curadh ag a cháirdibh ceangailte i bpoll,  
Críoch le treibh tar tuinn anall.

Tamall ina dhiaidh seo, agus an laoch á tharraingt ag a namhaid chun a chrochta i gCill Airne, caitheann sé a shúil den uair dheireanach ar an ndúthaigh is ansa leis:

Lá breá fómhair a b'ea é; bhí an ghrian ard sa spéir is a lán de dhrúcht na maidine tirithe nuair a ghluaiseadar araon ó Chaisleán na Mainge...

Bhraith sé go raibh a dhúchas ar bhruach millte is daorbhruide is chan go fíor-uaigneach an laoi seo:

Slán le Cill Airne

Mo ghoin cad é an smúid seo ag dúnadh ar mo chroí,  
Rinn' mo bhalla neamh-lúfar is d'fhág mé gan bhrí;  
Do ghríosaigh mo shúile le dúthracht chun caoi,  
Is an sruth leachta tiubh goirt á múchadh síoraí. (15)

Is mó de Thomas Moore agus a *Sweet Vale of Avoca* ná de dhúchas na Gaeilge atá ansin.

An Rúraíocht atá mar eiseamláir ag an dara leabhar acu, *Pádhraic Mháire Bhán*: é lán de ghail is de ghaisce is de mhacghníomhartha ar pháirc na himeartha.

## ii) Na beathaisnéisí suibiachtúla

Sa dara rang a luamar thuas áiríom na beathaisnéisí suibiachtúla a bhfuil trí ghrúpa faoi leith acu ann:

- na dírbheathaisnéisí, arb é *An tOileánach* curadh-iarracht na Gaeilge;
- úrscéal na hóige: leithéidí, *Jimtn*, *An Lomnachtán*, *Kinderzenen*;
- An chn fáe nó an dialann: leithéidí, *Allagar na hInise*, *Dialann deoraí*, *Ciontach*.

Níl i gcleachtadh na dírbheathaisnéise ('autobiography'), dar le scoláirí áirithe ach faoi mar a bheadh 'eile'-beathaisnéis ('allbiography'): insint scéil d'fhonn an fhírinn a chosaint nó a bhréagnú. I dtréimhsí cfortuathaileacha, apacailipteacha is mó a bhíonn rath ar scríbhneoireacht dá leithéid, faoi mar a bheifí

ag iarraidh a dhearbhu go raibh tús, lár agus deireadh, agus dá bhrí sin brí leis an saol, nó faoi mar a deir Alan Titley, in oscailt na caibidle ar an úrscéal dírbheathaisnéise aige: 'Is dóigh le gach aon duine gurb é féin croí na cruinne'.<sup>21</sup> Is iontach a chruinne is atá scéal Thomáis Uí Chriomhthain ag teacht leis na dearbhuithe clasaiceacha a éilítear ar gach saothar liteartha: pearsa (Tomás), log (an Blascaod Mór), aimsir (deireadh ré), fáth scríofa – chun go mbeadh cuimhne i mball éigin orthu. Más fíor go raibh *M'Óige* de chuid Maxim Gorki ar cheann de dhá mhóriseamláir Thomáis, b'fhéidir a áiteamh gur maith an claochú liteartha a dhein sé ar a thaithí saoil in *An tOileánach*, faoi mar a chomharlaigh Gorki a dhéanamh, sa léacht a thug sé do chomhdháil na scríbhneoirí Rúiseacha sa bhliain 1934:

Is é is déanta don scríbhneoir ná bunaisint na beatha a scagadh ón iomlán agus é seo a ionchollú in íomhá; is mar sin a éiríonn linn an réalachas a bhaint amach. Agus más féidir linn an rud is inmhianaithe a cheangal agus a fhorbairt as seo, éireoidh linn an rómánsachas atá mar bhunús leis an miotas a aimsiú. Agus is mór an éifeacht atá leis seo chun spiorad na hathbheochana, spiorad an chlaochlaithe i leith an tsaoil, a fhorbairt.<sup>22</sup>

B'é éacht Thomáis Uí Chriomhthain é gur éirigh leis an claochlú ealaíonta sin a dhéanamh, rud a aithníonn an fear eagair go maith nuair a deir sé:

Cuid mhór thábhachtach de stair na Gaeilge agus de stair an Stáit, agus dá raibh de dhóchas as a chéile acu, is ea *An tOileánach*. Is as a fáisceadh sinn; is ann a chuireamair aithne orainn féin ar chuma ná déanfaimid arís go deo mar

go bhfuil an ré sin na húire i leataoibh agus nách féidir an saol ná an aisling a chur ar bun arís an athuair.<sup>23</sup>

Ba rómánsúla fós a dúirt an file cathrach é: 'Tá gá againn go léir le Gort na Trá Báine'.<sup>24</sup>

Aigne agus múnlú de shaghas eile, mar atá, múnlú liteartha na scoile atá dulta ar dhírbheathaisnéis bhreá eile ón ndúiche chéanna, *Idir dhá shaol*, le Pádraig Ó Murchú,<sup>25</sup> agus macallaf ón Direánach, ón Ríordánach agus ó Shakespeare ar an gcéad dá leathanach:

...talamh bocht le mórchuid cloch agus gannchuid cré...tithe ísle fada ar ghualainn cnoic... snáthaidí géara na fearthainne ag stracadh tríothu... seasann gach duine ar thrá na beatha...(7-8)

Má tá rian na hoiliúna ar an bhfriotal tá rian an Chriomhthanaigh ar an gcur chuige:

...fanfaidh mé anseo i bhfeighil mo mhachnaimh agus tabharfad cuntas uaim ar na rudaí a thit amach im shaol agus conas a thugadar fás ar mo thuiscint orm féin agus gach a mbaineann liom. Ní hiad na heachtraithe sin atá tábhachtach ach cad a dheineas leo trí threoir agus shampla mo mhuintire.(10)

Agus tá an neamhspleáchas agus an reibiliúntacht san ann a fáisceadh as cliabhán an dúchais agus a cheadaíonn agus a chothaíonn cultúr beo folláin:

Fear mór siúil is ea mé. Ní thiomáinim in aon chor. Cuirim trí mhíle siúil isteach gach aon lá. Ní bhíonn baint ná páirt

agam le haon spórt eile. Dá mbeadh foireann Chiarraí taobh thiar dem thig ag imirt caide le togha naomh ó neamh agus Pápa na Róimhe ina lár istigh mar mhaor orthu, ní dócha go dtógfainn in airde an cuirtín chun féachaint amach orthu...Más mé captaen naomhóige na gColumbánach féin sa taobh seo tíre, tá rudaí ann nach féidir liom a dhéanamh fiú más ar mhaithe leis an gcríú é. (165)

Is sa scigaithris ar sheánra na dírbheathaisnéise a fhaighimid an dearbhú is fearr, b'fhéidir, ar chomhdhéanamh na foirme. Seo a leanas mar a liostaíonn Michael Greene an t-amhábhhar agus an t-ord reatha in oscailt a scéil féin, *The Boy who shot down an airship*:<sup>26</sup>

I shall begin with grandfather. That's not the right way to do it, of course. These days you're supposed to start an autobiography with the present day, preferably something salacious and work backwards, so the author's birth is described on page 256 while his sex life begins at the start of Chapter One. Thus: 'I was driving through Somerset the other week with my fourth wife and her childrean and as we passed a field near Glastonbury I saw a naked girl sunning herself in the grass. And my mind went back to those days long ago when I romped trouserless with the village girls in those same fields... (1)

*An Béal bocht*,<sup>27</sup> sampla mór na Gaeilge den sórt seo scigaithrise agus is leithne go mór an leibhéal a leagtar ann ná ar shliocht an Oileánaigh amháin. Go deimhin, is mó de scigaithris ar oscailt shollúnta *Phádhraic Mháire Bhán* atá sa bhéim ar phiseoga agus iarsmaí na págántachta ina thús, ná aon sampla ó thraidisiún na

beathaisnéise; agus tharlódh gurb é Sean-Mháirtín an úrscéil eiseamláir Máirtín Ó Bánasa na scigaithrise:

An oíche roimh an chéad lá breithe dom is amhlaidh a bhí m'athairse agus Máirtín Ó Bánasa ina suí ar mhullach chró na gcearc ag breathnú na spéire dóibh, ag faire ar an uain, agus fós ag caint le chéile go macánta cneasta ar dheacrachtaí an tsaoil... (9)

A Thighearna Dia, nárbh uathbhásach an oidhche! A leithéid níor shéid as aer le cuimhne cinn an duine ba shine ar an mbaile. Bhí sé ina chalm ciúinis le dhá lá roimhe sin – ní chorróchaidhe ribe de do ghruaig. Nuair adubhairt Sean-Mháirtín go raibh doineann air, magadh a toisightheadh a dhéanamh faoi...<sup>28</sup>

Níl aon fhasach, go bhfios dom, i mbeathaisnéisí na Gaeilge, don phlé áiféiseach ar aois Bhónapárt ('Bhíos an-óg nuair a rugadh mé, gan aon aois – fiú amháin lá féin – slán agam') ach d'fhéadfadh gur ag magadh atá Myles faoi airteagal 12.4.1 de *Bhunreacht na hÉireann* agus an bhliain a chailltear idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla:

Gach saoránach ag a bhfuil cúig bliadhna tríochad slán, is iontoghtha chun oifig an Uachtaráin é.

Every citizen who has reached his thirty-fifth year of age is eligible for election to the office of President.

Ach d'fhéadfadh chomh maith gur ar iasacht ó cheann de scigaithrisí clasaiceacha an Bhéarla, mar atá, *The Life and opinions of Tristram Shandy*, ón mbliain 1759, leis an ministir buile Laurence Sterne, a fuair Myles é, mar nach saolaítear an

laoch go mbímid nach mór leath-bhealaigh tríd an leabhar. Pé acu sin é, leibhéal atá anseo againn ar laochas na beathaisnéise a leagann an oiread san béime ar an mbeatha agus ar dheasghnátha na breithe. Agus déanann Myles na gCopaleen beag is fiú, ní amháin de scéal an duine ach de scéal an chine chomh maith sa chur síos aige ar ghléasadh na ngamal galánta agus ar fhaisean na feise i gcaibidil a trí, atá ina scigaithris, creidim, ar chur síos an Chéitinnigh sa *Foras Feasa*, ar chomharthaí sóirt na n-aicmí éagsúla anallód:

Bhí na sluaite acu ann as Baile Átha Cliath agus as cathair na Gaillimhe, éadach fiúntach sárdhéanta orthu go huile...<sup>29</sup>

Is ré linn Tighearnmhais do cuireadh corcair is gorm is uaine ar éadaighibh ar dtús i nÉirinn... Is é mar an gcéadna do chuir mar nós i nÉirinn aondath i n-éadach moghaidh, dá dhath i n-éadach an aithigh; a trí i n-éadach an amhais;... a ceathair i n-éadach bhruhaidh, a cúig i n-éadach flaithe tuaithe, a sé i n-éadach ollamhan is a seacht i n-éadaighibh ríogh is bainríoghan.<sup>30</sup>

Ní hiad gothaí seachtracha na beathaisnéise amháin atá faoi léagar ag Sterne ach aeistéitic an tseánra féin:

O ye powers! – which enable mortal man to tell a story worth the hearing – that kindly shew him, where he is to begin it – and where he is to end it – what he is to put into it – and what he is to leave out – how much of it he is to cast into a shade – and whereabouts he is to throw his light! Ye, who preside over this vast empire of biographical freebooters, and see how many scrapes and plunges your subjects hourly fall into – will you do one thing?

I beg and beseech you that wherever in any part of your dominions it so falls out, that three several roads meet in one point, — that at least you set up a guide-post in the centre of them, to direct an uncertain devil which of the three he is to take.<sup>31</sup>

*Kinderszenen* Robert Schumann, an sampla is déanaí de *nemesis* seo na beathaisnéise sa Ghaeilge, a chuireann in aghaidh chinnteacht agus siúráltacht an réalachais agus a dhíríonn go príomha ar dhilemma an scríbhneora féin, sna téarmaí céanna mórán le Sterne thuas:

I dtosach báire na ffricí agus na fáthanna. An cóir dúinn bacadh leo? An seantrealamh sin ar fad: ffricí, fáthanna, cúiseanna, mionsonraí ciallmhara, leithscéalta agus míniúcháin. Sa mhéid is go bhfuil baint acu leis an scéal, b'fhéidir. Ach ina dhiaidh sin, mar atá ráite, cén difear a dhéanann sé?...

An dtuigeann tú nílím chun bacadh le haon ionramháil réalaitoch; ná le haon ionramháil nádúraíoch ach an oiread. Bréaga de shaghas eile iad sin...<sup>32</sup>

Is í an fhoirm mhuinteartha, neafaiseach seo rogha údar na dialainne agus an chfn lae agus iad ar a seacht ndícheall éalú ó struchtúr righin na beathaisnéise foirmeálta. Ach ní dhéanfaidh an fhoirm saothar liteartha de scéal, mar a chítear in *Dialann deoraí*, abair, gur mó de cháipéis shóisialta ná eile atá ann, nó in *Ciontach*, de chuid Dhiarmaid Uí Shúilleabháin, gur saothar cúise go bunúsach é, ainneoin go maítear gur 'jail journal de chineál annamh an saothar seo'.<sup>33</sup>

Saothar faoistiniúil amháin den sórt seo sa Ghaeilge, nach aon obair thánaisteach in aon tsíl é ach ráiteas réabhlóideach nua, is ea *Mo bhealach féin*.<sup>34</sup> Áitíonn léirmheastóir mór amháin gur leagan Gaeilge de *A Portrait of the artist as a young man*, cuid mhaith dá bhfuil ann.<sup>35</sup> Ar a shon gurb é reibiliúntacht agus *non serviam* an ealaíontóra atá laistiar dóibh beirt, b'fhéidir a rá go dtéann an Seoigeach i muinín an traidisiúin d'fhonn intinn Stephen Delalus a nochtadh, ach go séanann agus go gclaochlaíonn Seosamh Mac Grianna gnéithe den oidhreacht chéanna d'fhonn a chosán féin a ghearradh. An cur síos ar uafás ifrinn sa *Portrait*, mar shampla, eascraíonn sé as seanmóir an Ath. Arnall ar *Ecclesiastes* 7. 40: 'Remember only thy last things and thou shalt not sin for ever'. Agus is cuid suntais é go dtéann an chaibidil lárnach seo de shaothar Joyce i gcosúlacht go mór le roinnt mhaith de thráchtairacht an Chéitinnigh ar an dtéacs céanna in *Trí bior-ghaoithe an bháis*. In *Mo bhealach féin*, áfach, diúltaítear don bhealach traidisiúnta agus claochlaítear an oidhreacht sheanchaite ina idéal spioradálta: déantar cnoic de chuid na samhlaíochta de bhánchnoic Éireann Ó:

Deir siad go bhfuil an fhírinne seabh, ach, creid mise, ní searbh atá sí ach garbh agus sin an fáth a seachantar í.

Is óg i mo shaol a chonaic mé uaim é, an ród sin a bhí le mo mhian, an bealach cas geal a raibh sleasa cnoc ar gach taobh de a ba deise ná aon chnoc dá bhfuil i gceol... (5)

'Inscape', a thugann Hopkins ar an fhírinne inmheánach seo laistigh den 'landscape'— an saol rúnda sin, laistíos den saol iarbhír, a ghintear sa bheathaisnéis fhoirfe. I bhfírinne na haigne amháin a mhaireann fírinne seo na bunisinte: *esse est percipi*, a

dúirt an fealsamh, fírinne a d'aithin is a d'admhaigh Máirtín Ó Direáin go maith ina dhán i gcuimhne an fhealsaimh chéanna, George Berkeley:

Ar charraig, a Easpaig Chluana,  
A tógadh mise i mo ghasúr  
Is bhí na clocha glasa  
Is na creaga loma fúm is tharam...  
Ach ó thosnaigh na clocha glasa  
Ag dul i gcruth brionglóide i m'aigne  
Níl a fhios agam, a Easpaig chóir,  
Nach tú féin a chuaigh ar an domhain  
Is nach iad na móir a d'fhan le cladach.

Más mar sin a bhí ag an Direánach, nach mairg a dhéanfadh deimhin dá dhúchas.

### Tagairtí

- <sup>1</sup> David Lodge *Thinks*, (London, 2001) 225.
- <sup>2</sup> Tomás Ó Criomhthain *An tOileánach*, in eagar ag Seán Ó Coileáin, (BÁC, 2002) 325.
- <sup>3</sup> *Death of a naturalist*, (London, 1966) 3-4.
- <sup>4</sup> *An tOileánach*, 87.
- <sup>5</sup> *Brosna*, (BÁC, 1964) 40.
- <sup>6</sup> Seán Ó Ríordáin, *Eireaball spideoige*, (BÁC, 1962).
- <sup>7</sup> Féach an chéad tagairt eile, 30.
- <sup>8</sup> Michael Holroyd, *Works on paper: the craft of biography and autobiography*, (London, 2002), 30-31.
- <sup>9</sup> *Comhar*, Lúnasa, 1984.
- <sup>10</sup> Liam Ó Muirthile *Walking time*, (BÁC, 2000).



- <sup>11</sup> Proinsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair, *An Duinntneach*, (BÁC, 1958), 272.
- <sup>12</sup> Seán Ó Coileáin, *Seán Ó Riordáin: beatha agus saothar* (BÁC, 1982).
- <sup>13</sup> Máirín Nic Eoin, *Eoghan Ó Tuairisc: beatha agus saothar* (BÁC, 1982).
- <sup>14</sup> Liam Mac Con Iomaire, *Breandán Ó hEithir: iomramh aonair*, (Indreabhán, 2002).
- <sup>15</sup> *An tOileánach* xi.
- <sup>16</sup> *Works on paper*, 19.
- <sup>17</sup> Mícheál Ó Cearúil (eag.), 'Cín lae 1940', *An Aimsir óg* 2001, 92.
- <sup>18</sup> Pádraig Ó Duinnín *Cormac Ó Conaill*, (BÁC, 1905).
- <sup>19</sup> Seán Ó Ruadháin *Pádhraic Mháire Bháin*, (BÁC, 1932).
- <sup>20</sup> Ó Conluain agus Ó Céileachair, *An Duinntneach*, 272.
- <sup>21</sup> Alan Titley *An tÚrscéal Gaeilge*, (BÁC, 1991), 427.
- <sup>22</sup> Féach Empson, William, 'Proletarian Literature', in *Some versions of pastoral*, (London, 1935) 21.
- <sup>23</sup> *An tOileánach*, xx.
- <sup>24</sup> Liam Ó Muirthile, *Dialann bóthair* (An Seanchaisleán, 1992), 23.
- <sup>25</sup> Pádraig Ó Murchú, *Idir dhá shaol*, (BÁC, 1989), 7-8.
- <sup>26</sup> Michael Greene, *The Boy who shot down an airship*, (Guernsey, 1988).
- <sup>27</sup> Myles na Gopaleen *An Béal Bocht*, (BÁC, 1941).
- <sup>28</sup> *Pádhraic Mháire Bháin*, 5.
- <sup>29</sup> *An Béal Bocht*, 43-4.
- <sup>30</sup> Séathrún Céitinn (Pádraig Ó Duinnín, eag.) *Foras Feasa ar Éirinn*, imleabhar 2, (Londain: Irish Texts Society, 1902).
- <sup>31</sup> Eagrán Everyman, (New York, 1912), 149.
- <sup>32</sup> Robert Schumann *Kinderszenen*, (BÁC, 1987).
- <sup>33</sup> Diarmaid Ó Súilleabháin, *Ciontach*, (BÁC, 1983) Ar an mblurba.
- <sup>34</sup> Seosamh Mac Grianna *Mo bhealach féin*, BÁC, 1940.
- <sup>35</sup> Declan Kiberd, *Scríobh* 5 (1981) 224 - 239.